



Cuntas Leithreasa 2014

Vóta 11

Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an c a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh fócaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €3.8 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, leis an eisceacht seo a leanas.

Stoic agus sócmhainní caipitiúla

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) a gcuid stoc agus, go ginearálta, úsáid sócmhainní caipitiúla.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 leithdháilte iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla, leithdháiltear úsáid de shócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadh an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní trealamh TF a thaifeadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealamh oifige a thaifeadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Airgeadais. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. In ainneoin na nithe anseo thuas, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sócmhainní ar leith in 2012, 2013 agus 2014 dá húsáid eisiatach féin agus níl an dímheas ina leith seo cionroinnte.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socrúithe rialaithe do sheirbhísí AD agus do sheirbhísí roinnte párolla a soláthraíodh don Roinn ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte, a bhfuil mé mar Oifigeach Cuntasaíochta acu sin chomh maith.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá Ráiteas an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 11.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas agus í i mbun ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirínte ábhartha ar fad a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirínte seachas i gcás ceithre chonradh ar luach €414,648. Bronnadh conradh de €40,000 go práinneach tar éis mholtaí Thuarscáil Quigley agus bhí mar chuid de sin athbhreithniú fócasaithe ar PeoplePoint. Bhain trí chonradh eile le soláthar seirbhísí TE ar luach iomlán €374,648; leanadh leo siúd thar an téarma a sracrianaíodh sa bhuniarratas tairisceana ar chúiseanna oibríochtúla. Tá bearta á ndéanadh ag an Roinn, nuair is féidir sin, leis an suíomh a athchóiriú i 2015.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cúí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an feidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint. Sa bhliain 2014, cuireadh fo-Choiste ar Rialachas Corparáideach de chuid an Bhoird Bhainistíochta ar bun. Tugann sé tuilleadh tacaíochta sna réimsí a bhaineann le rialachas corparáideach agus le mairseacht.

Robert Watt

Oifigeach Cuntasáíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

20 Márta 2015

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáochta caighdeánacha agus na bprionsabail do chuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifig Chuntasáochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasáochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasáochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbheart sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáil agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasáochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Lúnasa 2015

Vote 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Cuntas Leithreasa 2014

		2014		2013
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí	18,361	17,037	19,102
B	Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí	21,537	19,765	19,390
Ollchaiteachas		39,898	36,802	38,492
<i>Asbhain</i>				
C	Leithreasaí-i-gcabhair	4,000	4,748	5,777
Glanchaiteachas		35,898	32,054	32,715

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Stáitchiste.

	2014	2013
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	3,844,458	3,648,761

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2014		2013
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pána agus liúntais	19,063	17,597	18,113
ii	Taisteal agus cothabháil	163	181	192
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	566	652	505
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	340	233	292
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	585	713	1,081
vi	Costais áitreabh oifige	368	359	367
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	50	49	31
viii	<i>Uachtaránacht an AE^a</i>	—	—	383
		<u>21,135</u>	<u>19,784</u>	<u>20,964</u>

^a Áirítear le figiúr uachtaránacht an AE le haghaidh 2013 tuarastáil arb ionann iad agus €214,135.

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2014

	2014	2013
	€000	€000
Caiteachas cláir	17,018	17,529
Pá	17,597	18,326
Neamhphá	2,187	2,637
Olchaitheachas	36,802	38,492
<i>Asbhain</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	4,748	5,777
Glanchaitheachas	32,054	32,715
Athruithe i sócmhainní caipitil		
Airgead tirim um cheannacháin	(587)	
Dímheas	443	
	(144)	240
Athruithe i sócmhainní á bhforbairt		
Íocaíochtaí airgid tirim	(48)	—
Athruithe i nglansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(49)	
Laghdú ar stoc	9	
	(40)	334
Caiteachas díreach	31,822	33,289
Caiteachas tabhaíodh in áit eile		
Glanchaitheachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	1,855	2,250
Meas-chíosanna	1,891	1,452
Costas glan clár	35,568	36,991

1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an glanchaitheachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile.

		2014	2013
		€000	€000
Vóta 7 Airgeadas	m	233	239
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	m	94	150
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	m	582	395
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí		931	1,466
Vóta 18 Seirbhísí Roinnte	m	15	—
		1,855	2,250

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 €000	2013 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	1,423	880
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		303	1,414
Stoic	2.4	14	23
Réamhíocaíochtaí		632	553
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	545	167
Iomlán na sócmhainní reatha		1,494	2,157
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe		241	211
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	702	942
Glan-Fhiachas don Státhiste	2.7	146	639
Iomlán na ndlíteanas reatha		1,089	1,792
Glansócmhainní reatha		405	365
Glansócmhainní		1,828	1,245
Arna léiriú ag:			
Cuntas um maoiniú Stáit	2.1	1,828	1,245

2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit	Nóta	2014 €000	2013 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		1,245	2,468
Eisíocaíochtaí as an vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	35,898	
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(3,844)	
Vóta glan		32,054	32,715
Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile	1	1,855	2,250
Míreanna neamhairgid – sócmhainní caipitiúla ^a		512	77
Míreanna neamhairgid – dímhéas ^a		(161)	(104)
Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna	1	1,891	1,452
Earraí neamhairgid thirim – aistriú sócmhainní chuig Comhsheirbhísí		—	(622)
Costas glan clár	1	(35,568)	(36,991)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		1,828	1,245

^a Ag eascairt ón mbeartas leithdháilte le haghaidh sócmhainní a chomhroinn an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní hionann na figiúirí fála agus dímhéasa sa chlár comhordaithe agus iad siúd a léirítear sa ráiteas ar chostas oibriúcháin.

2.2 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh TF	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014	25,635	2	2	25,639
Breiseanna	1,142	4	1	1,147
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014	26,777	6	3	26,786
Dímheas Carntha				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2014	24,758	—	1	24,759
Dímheas don bhliain	602	1	1	604
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014	25,360	1	2	25,363
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2014	1,417	5	1	1,423
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013	877	2	1	880

2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt ag 31 Nollaig

	Feidhmeanna ríomhaire inmheánacha	
	2014	2013
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	—	—
Íocaíochtaí airgid don bhliain	48	—
Aistriú chuig clár na sócmhainní	(48)	—
Méideanna tugtha ar aghaidh ag an 31 Nollaig 2014	—	—

2.4 Stoic

	2014	2013
	€000	€000
Stáiseanáireacht	10	13
Ábhair inchaite TF	4	10
	14	23

2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

	2014	2013
	€000	€000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	13	39
Óinchestí Taistil	—	3
Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil	111	105
Tuarastail in-fhorchúitithe	9	—
Míreanna dochair eile ar fionraí	412	20
	545	167

2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile	2014	2013
ag 31 Nollaig	€000	€000

Suimeanna dlite don Stát

Cáin Ioncaim	283	288
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	112	114
Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla	54	78
Cáin Bhreisluacha	28	23
Ranníocaíochtaí Pinsin	43	43
Cáin Mhaoine Áitiúil	2	2
Muirear Sóisialta Uilíoch	85	87
	<hr/>	<hr/>
	607	635
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	86
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	94	94
Míreanna sochair eile ar fionraí	1	127
	<hr/>	<hr/>
	702	942

2.7 Glandliteanas don Státchiste	2014	2013
ag 31 Nollaig	€000	€000

Farasbarr le tabhairt suas	3,844	3,649
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(3,698)	(3,010)
Glandliteanas don Státchiste	<hr/>	<hr/>
	146	639

Arna léiriú ag:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	303	1,414
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	545	167
	<hr/>	<hr/>
	848	1,581

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(607)	(635)
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	(86)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(95)	(221)
	<hr/>	<hr/>
	(702)	(942)
	<hr/>	<hr/>
	146	639

2.8 Ceangaltais	2014	2013
ag 31 Nollaig	€000	€000

lomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil	168	320
--	-----	-----

2.9 Dliteanais Aibithe	2014	2013
ag 31 Nollaig	€000	€000

Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	4	—
---	---	---

3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

	2014		2013
	Soláthar measta	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
A Polasaí eárnalach agus caiteachais phoiblí			
A.1 Riarachán – pá	7,627	7,036	7,441
A.2 Riarachán - neamhphá	807	793	1,180
A.3 Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta (deontas-i-gcabhair)	2,600	2,600	2,700
A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	968	847	808
A.5 Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair)	650	814	667
A.6 Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann	3,300	2,832	3,558
A.7 Comhlacht Cláir AE Speisialta	1,164	1,075	1,164
A.8 INTERREG trasnáisiúnta agus na hÉireann/na Breataine Bige	363	418	379
A.9 Seirbhísí comh airleoireachta agus eile	330	613	597
A.10 Oifig an Rialálaí an Chrannchuir Naisiúnta	552	9	—
<i>Athchóiriú na bainistíochta soláthair</i>	—	—	608
	18,361	17,037	19,102

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1.3 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán – pá	591	Tháinig difríocht chun cinn toisc nár earcaíodh an líon daoine a rabhtas ag súil leis nó toisc gur earcaíodh na daoine sin níos déanaí sa bhliain. Ina theannta sin, b'airde líon na ndaoine a chuaigh ar scor agus ar sos gairme ná mar a bhíodas ag súil leis.
Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	121	Tháinig difríocht chun cinn toisc nár cuireadh tionscadal um malartú sonraí leictreonach ar siúl mar a bhíodas ag súil leis.
Oifig an Rialálaí an Chrannchuir Naisiúnta	543	Tháinig difríocht chun cinn mar níor ceapadh an Rialálaí ach amháin ag an deireadh na bliana agus, mar sin, níor tabhaíodh ach costais íosta ina leith.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann	468	Tháinig difríocht chun cinn toisc go raibh caiteachas faoi bhun na sprice ar fud roinnt tionscadal de chuid Peace/INTERREG.
Rinne an róchaiteachas seo a leanas an coigilteas sin a fhritháireamh go páirteach:		
Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	(283)	Tháinig difríocht chun cinn toisc nár baineadh an chloch mhíle dheiridh amach ar chonradh an Chrannchuir Náisiúnta sa bhliain 2013. Mar sin, ba sa bhliain 2014 a rinneadh an íocaíocht deiridh ina leith.
Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i- gcabhair	(164)	Tháinig costais bhreise chun cinn toisc gurbh fhairsinge ná mar a bhíodhas ag súil leis an obair a leagadh ar na Tionóil Réigiúnacha chun an Comhaontú Comhpháirtíochta 2014-2020 a fhorbairt.

		2014		2013
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B	Polasaí Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí			
B.1	Riarachán - pá	11,436	10,561	10,885
B.2	Riarachán - neamhphá	1,265	1,393	1,457
B.3	An Foras Riaracháin (deontas-i-gcabhair)	2,750	2,750	2,750
B.4	Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse	42	27	32
B.5	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	100	102	70
B.6	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	2,675	2,834	1,568
B.7	Clár oibre athchóirithe	1,803	711	1,208
B.8	Seirbhís Chomhroinnte Oifigigh Chúnamh d'Fhostaithe	1,307	1,268	1,276
B.9	Clár um athchóiriú an dlí reachtúil	159	119	144
		21,537	19,765	19,390

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €1.8 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán - pá	875	Tháinig difríocht chun cinn toisc nár earcaíodh an líon daoine a rabhthas ag súil leis nó toisc gur earcaíodh na daoine sin níos déanaí sa bhliain. Ina theannta sin, b'airde líon na ndaoine a chuaigh ar scor agus ar sos gairme ná mar a bhíodh ag súil leis.
Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	(159)	D'eascair an difríocht ós rud é gur aithníodh costais bhreise i lár na bliana i dtaca le hobair a theastaigh sna réimsí seo: TE, bunachar sonraí, infrastruchtúr athshlánaithe ó thubaiste agus uasghráduithe teileachumarsáide.
Clár oibre athchóirithe	1,092	Tháinig difríocht chun cinn toisc nár eascair costais a rabhthas ag súil leo i roinnt tionscadail athchóirithe, lena áiríodh an Tionscadal um Malartú Eolais idir Eagraíochtaí Neamhbhrabúis Éireannacha (INKE) agus an tSeirbhís Chomhroinnte um Fhoghlaim agus Forbairt. Ina theannta sin, níor earcaíodh bainisteoir tionscadail don scéim pinsin aonair mar a bhíodh ag súil leis.

4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair	2014		2013
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1. Cláir an AE	1,300	2,336	2,598
2. Farasbairr um shreabhadh airgid	600	252	651
3. Ilghnéitheach	50	97	63
4. Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí	2,050	2,063	2,465
Iomlán	4,000	4,748	5,777

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

Cur síos	Níos lú/ (níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
Cláir an AE	(1,036)	Téann roinnt tosca i bhfeidhm ar leibhéal na n-aisghabhálacha, lena n-áirítear tarraingt anuas iarbhir na ndeontas ag na heagraíochtaí is faighteoirí agus an próiseas ceadaithe. De réir mar a thagann féilire maoinithe chun deiridh, cuirtear lena chasta a bhíonn an próiseas aisíocaíochta de bharr dhúnadh deiridh an mhaoinithe. B'ionann an bhliain 2014 agus tús na dúnta don tréimhse maoinithe 2007-2013. Fuarthas aisíocaíochtaí ní ba luaithe ná mar a tuaradh sna Meastacháin.
Farasbairr um shreabhadh airgid	348	Baineann na fáltais le glan-insreafaí airgid pinsin ó na gníomhaireachtaí iomchuí. Tháinig an difríocht chun cinn go príomha mar gheall ar thionchar na n-íocaíochtaí cnapshuime a rinneadh tráth an scoir, rud a bhí i bhfad ní b'airde ná mar a tuaradh sna Meastacháin. Bhí athrúchán foirne ina chúis le laghdú ar fháltais faoin bhfo-mhírcheann seo de bharr an tsreafa airgid níos ísle a bhí ann ó bhaill foirne nua a chuaigh isteach sa scéim pinsin aonair nua i gcomparáid leo siúd a d'imigh an scéim sochair shainithe.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste	2014	2013
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais a aisghabhadh i dtaca le hiasacht foirne sa chliain roimhe	46	—
Cuntas fionraí nach bhfuil in úsáid go fóill a dhúnadh	32	—
Aisrithe chuig an Státchiste	(78)	—
Iarmhéid ag 31 Nollaig	—	—

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2014	2013
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	314	301
	2014	2013
	€000	€000
Pá ^a	19,372	20,644
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	204	228
Iomarcaíocht	6	33
Liúntais eile	53	34
Ragobair	47	58
ÁSPC an Fhostóra	1,003	991
Pá iomlán	20,685	21,988

^a Tá pá iniatach san fhigiúr pá iomlán i dteidil A.1, A.4, A.6, A.7,B.1, B.6 agus B.7 agus áirítear leis ró-íocaíochtaí tuarastail €4,450, a tháinig as moilleanna riaracháin agus atá á n-aisghabháil faoi láthair. Beag beann ar mhéadú sa líon foirne ag deireadh na bliana i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013, bhí laghdú ar phá ann toisc gur bhain an coigilteas a gnóthaíodh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington leis an mbliain iomlán, agus ní leath den bhliain mar a tharla sa bhliain 2013.

Ní áirítear foireann ghníomhaireachta leis na líonta foirne, ach is ionann an figiúr pá agus an pá go léir a thabhaigh an Roinn.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2014	2013
			€	€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	31	6	19,869	22,822
Liúntais eile	26	—	8,011	7,485
Ragobair	18	1	11,071	12,814

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de chuid €149,157 i dtaca le beirt oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2014 nó don bhliain ar fad agus a d'íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% an AHCPs, fuair 25 oifigeach €42,693 san iomlán i dtaca le PCW/liúntais sinsearachta.

Áirítear san fhigiúr pá €80,612 a íocadh do 11 mhúinteoir a fostaíodh roimhe seo mar mhúinteoirí teanga laistigh den Státseirbhís. Rinneadh an íocaíocht de thoradh breithnithe i bhfabhar éilimh chailteanais tuillimh a tugadh ag na daoine seo tar éis laghdaithe maidir le soláthar na seirbhísí teanga do státseirbhísigh i 2008, agus aistarraingt fhoirmeálta a leithéid de sheirbhísí tar éis na bliana teagaisc 2011-12.

6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú an AE

Áiríonn an toradh atá léirithe i Theideal A.4, A.5 agus A.6 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE.

Teideal	Cur Síos	2014		2013
		Meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.4	Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	758	636	602
A.5	Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair)	650	814	667
A.6	Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann	3,300	2,832	3,558
		<u>4,708</u>	<u>4,282</u>	<u>4,827</u>

6.2 Coistí agus Coimisiúin

	Bliain cheaptha	2014	2013	Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2014
		€000	€000	€000
Bord Eadrána na Státseirbhíse	1950/51	10	16	968
		<u>10</u>	<u>16</u>	<u>968</u>

6.3 Ús ar Íocaíochtaí Déanacha

	2014	2013	
	€000	€000	
Iomlán na n-íocaíochtaí úis		18	5

6.4 Dlíteanais Theagmhásacha

Tá an Roinn i mbun idirbheartaíochta leis an eagraíocht a sholáthraíonn cúrsaí réamhscoir – obair ar tugadh fúithi laistigh den Roinn suas go dtí an bhliain 2014 – ar mhaithe leis na costais a bhí dlíthe i leith na gcúrsaí a soláthraíodh a shocrú.

7 An Ciste Teagmhais

	2014	2013
	€000	€000
larmhéid ag 1 Eanáir	1,200	1,200
Fáltais	—	—
Íocaíochtaí	—	—
larmhéid ag 31 Nollaig	1,200	1,200

Is ionann an Ciste Teagmhais agus ciste neamhrechtúil arna bhunú trí dheontas i gcabhair a vótáladh in 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag an ngnáth-Vótaí, agus a d'fhéadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, m.sh. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú ar mhéid an Chiste gach cúig bliana. Tar éis athbhreithnithe i 2014, socraíodh gur chóir go bhfanadh an Ciste ag a leibhéal reatha.